NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M. 11052 — MACQUARIE GROUP / WPD / LUWEI WIND POWER / CHUNGWEI WIND POWER / TONGWEI WIND POWER / CHINFENG WIND POWER / ANWEI WIND POWER)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 80/09)

1. An 22 Feabhra 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Macquarie Asset Management ("Macquarie", an Astráil),

— wpd AG ("wpd", an Ghearmáin),

— Luwei Wind Power Co., Ltd. (lena n-áirítear fochuideachta ar lánúinéireacht dá chuid, Chiwei Wind Power Co., Ltd.), Chungwei Wind Power Co., Ltd., Tongwei Wind Power Co., Ltd., Chinfeng Wind Power Co., Ltd., agus Anwei Wind Power Co., Ltd. D ("na comhfhiontair") (an Téaváin), atá faoi rialú comhpháirteach InfraVest Asia GmbH agus wpd faoi láthair.

Gheobhaidh Macquarie agus wpd rialú comhpháirteach ar na comhfhiontair ina n-iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is soláthraí domhanda seirbhísí infheistíochta, baincéireachta agus airgeadais é Macquarie atá gníomhach i réimse leathan gnóthaí, lena n-áirítear infheistiú i réimse leathan earnálacha amhail acmhainní agus tráchtearraí, fuinneamh, institiúidí airgeadais, bonneagar agus réadmhaoin,

— is cuideachta stoic faoi úinéireacht phríobháideach é wpd. Is sa Ghearmáin a bhfuil sainchónaí air agus is ann a bhfuil a cheanncheathrú aige, agus forbraíonn agus oibríonn sé feirmeacha gaoithe agus gléasraí grianchumhachta. Tá wpd gníomhach i 30 tír san Eoraip, san Áise, sa tSíle agus sna Stáit Aontaithe,

— oibríonn na comhfhiontair tuirbíní gaoithe ar talamh agus bonneagar gaolmhar sa Téaváin amháin, agus tá sócmhainní gaoithe oibríochtúla acu ar talamh, ar leo iad go díreach nó go hindíreach, atá lonnaithe sa Téaváin amháin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M. 11052 — MACQUARIE GROUP / WPD / LUWEI WIND POWER / CHUNGWEI WIND POWER / TONGWEI WIND POWER / CHINFENG WIND POWER / ANWEI WIND POWER

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË